

# Tuarascáil Bhliantúil 2023



kcetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach
*Kilkenny and Carlow Education and Training Board*





# Clár an Ábhair


**Brollach** 2

**Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach** 4

**Ár Misean** 6

**Ár bhFís** 6

**Ár gCroíluachanna** 6

**Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí** 8

**Struchtúr Eagraíochta** 10

**Spriocanna Straitéiseacha BOOCCC 2022-2026** 12

**Rialachas Corparáideach** 18

**Tuarascálacha na Stiúrthóireachta** 28
- Stiúrthóireacht Scoileanna 28
- An Stiúrthóireacht Bhreisoideachais agus Oiliúna 38
- An Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE) 44



**An Comh. Fergal Browne**
Cathaoirleach



**Eileen Curtis**
Príomhfheidhmeannach

# Brollach

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach (BOOCCC) a Thuarascáil Bhliantúil 2023 a chur i láthair. Leagtar amach sa tuarascáil seo an réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí faoinar tugadh i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí BOOCCC le bliain anuas. Cuirtear eolas ar fáil sa tuarascáil freisin ar fheidhmeanna rialachais chorparáidigh agus airgeadais BOOCCC don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023. D'oibrigh an Bord agus an fhoireann feidhmiúcháin le chéile go héifeachtach chun na forbairtí a threorú a thit amach i rith 2023 i scoileanna, breisoideachas agus oiliúint agus i dtacaíocht eagraíochta.

Rinne BOOCCC ceiliúradh in 2023 ar 10 mbliana ó bunaíodh é agus cuireadh roinnt imeachtaí ar siúl leis an réimse fairsing de sholáthar oideachais agus oiliúna a thaispeáint atá á sholáthar ar fud an dá chontae agus glacadh páirt in imeachtaí náisiúnta trí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ). Tosaíodh an tseachtain le craoladh lasmuigh i gCeatharlach leis an stáisiún raidió áitiúil inar sholáthair scoláirí ó Choláiste Tyndall, Coláiste Eoin agus Glúin an Cheoil, Ceatharlach siamsaíocht iontach. I measc na n-imeachtaí eile a thit amach i rith na seachtaine, bhí ceardlann do threoirchomhairleoirí, sárthaispeántas fáilteachais, imeacht ceiliúrtha d'fhoghlaimeoir, oscailt an aonaid nua ASD i nGairmscoil na Buiríse agus Comhdháil Foghlama don Teaghlach inar seoladh dámhachtainí nua Foghlama Teaghlaigh Leibhéal 3 QQI. Anuas air sin, ghlac BOOCCC páirt i roinnt imeachtaí BOOÉ ina raibh an scoláire ó Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh, Alaudin Mohammad, agus an múinteoir Michael Farrell páirteach san fhíseán Laochra BOO (ETB Heroes). Bhuaigh scoláire ó Ghaelcholáiste Cheatharlach, Seán Holt, Gradam Ghaeloideachais agus thug Coláiste Pobail na Mainistreach agus an tionscadal Scoileanna Aisiríocha a Fhorbairt (Building Restorative Schools) an dá dhámhachtain ab fhearr

leo i gcatagóir an Mheasa. Rinne na himeachtaí uile seo béim a leagan ar shármhaitheas ár scoláirí agus ár bhfoirne agus ar shaibhreas na n-eispéireas foghlama atá le sonrú inár scoileanna agus ionaid.

Lean fás ag teacht arís i mbliana ar rolluithe inár scoileanna agus bhí 5,414 scoláire ag freastal ar ár scoileanna agus tháinig méadú aníos go dtí 16,330 scoláire ar an líon a bhí ag freastal ar bhreisoideachas agus oiliúint i mbliana. Ar an gcuma chéanna, lean ár dhá thionscadal de chuid Ghlúin an Cheoil lena soláthar do dhaoine óga ar fud an dá chontae a fhairsingiú. Buaicphointe i mbliana, mar chuid den Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol a chur chun cinn, a bhí sa tionscadal foghlama teaghlaigh idirghlúine, One Book One Film for All, faoinar thug ár Seirbhísí Foghlama Aosach i gcomhar le Cartoon Saloon inar cuireadh scannáin a thaispeáint, comórtais ealaíne, tráth na gceist agus tóraíocht taisce ar siúl. Lean réimse iomlán gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar siúl arís eile i mbliana inar éirigh go han-gheal le scoláirí sa spórt, drámaíocht, díospóireacht agus in go leor limistéir eile a chuir le heispéireas foghlama iomlánaíche dár scoláirí. Táimid go mór faoi chomaoin ár bhfoirne go léir as a n-obair thiomanta chun na dúshláin laethúla a shárú agus chun tacú le riachtanais ár scoláirí i scoileanna agus in ionaid.

Leanadh ar aghaidh le hobair rialachais chorparáidigh na heagraíochta agus thacaigh an fhoireann lenár gceanglais reachtúla a sholáthar maidir lenár bPlean Seirbhíse, ár Ráiteas Airgeadais Bliantúil agus ár dTuarascáil Bhliantúil. Cuireadh ainm le cuntais 2022 i rith 2023 agus tosaíodh iniúchadh an OCAG don bhliain 2023 i Meán Fómhair. Mar chuid den Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte do BOOanna, d'aistríomar ó chóras airgeadais SAP go SUN agus tugadh modúl tuairiscithe d/EPM isteach chun tacú le tuar agus le monatóireacht airgeadais. Thugamar faoi shraith tuarascálacha ar an mbail ar fhoirgnimh agus iniúchtaí fuinnimh i mbliana chun cabhrú linn inár bpleanáil d'inbhuanaitheacht níos fearr. Mar eagraíocht, cuirimid cultúr 'foghlaim do chách' chun cinn thugamar oiliúint inbhuanaitheachta isteach i mbliana don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí mar chuid dár n-iarracht feasacht a mhúscailt ar conas is féidir linn go léir athruithe a dhéanamh chun tacú le gníomhú ar son na haeráide.

Lean obair le dul chun cinn a dhéanamh ar Champas Scoileanna Chill Chainnigh agus ar thionscadail mhóra sínte agus athchóirithe i scoileanna agus ionaid. Cuireadh SNU nua isteach i gColáiste an Dubhuisce, agus tosaíodh le hoibreacha sínte i Scoil Aireagail, Baile Héil. Críochnaíodh obair fhorleathan ar thuarascáil roghnúcháin suímh agus ar réamhchás gnó do Choláiste BOO do Chill Chainnigh le linn na bliana agus soláthróidh an príomhthionscadal seo príomháiseanna chun freastal ar riachtanais scileanna an réigiúin sna blianta amach romhainn. Tosaíodh le hobair athchóirithe ar Choláiste Urumhan agus tá obair ullmhúcháin ar bun le hIonad Eachaíochta an Ghrianáin a uasghrádú.

Tá an t-ádh dearg orainn go bhfuil bord tiomanta agus foireann thiomnaithe againn a thacaíonn lenár n-obair agus a chuireann chun cinn í le chéile. Mar eagraíocht foghlama, táimid tiomanta do thorthaí foghlama ardchaighdeáin a bhaint amach dár scoláirí agus aithnímid gur féidir le foghlaim saol daoine a athrú agus pobail a fhorbairt. Táimid go mór faoi chomaoin ár gcomhaltaí boird, ár gceannairí agus ár bhfoirne as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas i gcaitheamh na bliana. Tá ár scoláirí i gceartlár gach rud a dhéanaimid agus is í ár n-uaillmhian do gach duine díobh Go mbainfear an rath amach trí Fhoghlaim le BOOCCC.

# Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach

| Ainm | Ionadaíocht |
|---|---|
| Carmel Boyle | Institiúid Aíochta na hÉireann |
| Tomás Breathnach | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Fergal Browne (Cathaoirleach) | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Mary Hilda Cavanagh | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Peter Cleere | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Laura Conheady | Ionadaí Foirne |
| Deirdre Cullen | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Andrea Dalton (Leas-Chathaoirleach) | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Michael Delaney | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Éamonn Doheny | Ionadaí Tuismitheoirí |
| Fidelis Doherty | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Ger Frisby | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| John Hurley | Comhlachas Tráchtála na hÉireann |
| Matthew Kenny | Ionadaí Foirne |
| Thomas Kinsella | Comhairle Contae Cheatharlach |
| Caitlín Mhic Cárthaigh | Conradh na Gaeilge |
| Patrick O'Neill | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Jenny O'Regan Byrne | Ionadaí Tuismitheoirí |
| Noel Phelan | NALA |
| Clare Ryan | Bainistíocht/Ceannaireacht na Scoile |
| Adrienne Wallace | Comhairle Contae Cheatharlach |
| John Cahill * | Comhairle Contae Cheatharlach |

* Ionadaí ionaid i rith tréimhse shaoire baill



# Ár Misean, Ár bhFís agus Ár gCroíluachanna

# Ár Misean

A chur ar chumas scoláirí a lánchumas a bhaint amach tríd an oideachas agus páirt a ghlacadh i mbeatha ár gceantair agus ár dtíre.

# Ár bhFís

Forbairt deiseanna ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna a stiúradh ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach trí dhul i mbun idirchaidrimh le foghlaimeoirí agus le pobail i rith gach céime den fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

# Ár gCroíluachanna

Is é BOOCCC an soláthraí is mó deiseanna oideachais, oiliúna agus oibre don ógra i gCill Chainnigh agus Ceatharlach. Aithnímid an tábhacht a bhaineann lenár ról inár bpobal agus tuigimid ár bhfreagracht as seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar. Buntacaíonn ár gcoíluachanna lenár n-obair:

### Luach a léiriú ar an bhFoghlaim

Léirímid luach ar fhoghlaim agus cuirimid an scoláire i gceartlár ár n-oibre. Creidimid gur féidir le foghlaim saol daoine a athrú agus pobail a fhorbairt.

### Díriú ar Shármhaitheas a Bhaint Amach

Dírímid ar shármhaitheas a bhaint amach inár seirbhísí go léir. Déanaimid cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chur chun cinn inár scoileanna, ionaid agus i measc ár seirbhísí.

### Caidreamh a Fhorbairt


Forbraímid caidreamh le daoine eile atá comhoibritheach agus ómósach. Aithnímid go bhfuil baint lárnach ag oibriú le chéile leis an rath a bhainimid amach.

### Oscailteacht a Chur chun Cinn

Táimid cuntasach do dhaoine eile agus cuirimid oscailteacht agus trédhearcacht chun cinn. Is eol dúinn, mar chomhlacht poiblí, nach foláir dúinn leanúint le hardchaighdeáin a bhaint amach.

### An Pobal a Fheabhsú

Aithnímid ár ról mar sholáthraí seirbhísí laistigh dár bpobal. Is eagraíocht muid atá ag foghlaim agus oibrímid le feabhas a chur ar ár bpobal trínár n-oideachas, oiliúint agus seirbhísí tacaíochta.



# Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí

## Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí

**€90 milliún**
Buiséad Bliantúil

**5,414**
Mic Léinn

**15**
Iar-Bhunscoil/Treasscoil

**Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach**


**€9.2 milliún**
Tionscadail Chaipitil

**16,330**
Foghlaimeoirí

**1,443**
Foirne

**30**
ionad Breisoideachais agus Oiliúna

# Léarscáil Thíreolaíoch de BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach





- Cláir Oideachais do Dhaoine Fásta
- Cúrsaí Iar-Ard-Teistméireachta
- Seirbhísí Oiliúna (Printíseacht, Oiliúnacht agus Oiliúint Scileanna ar Leith)Local Training Initiative
- Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
- Ionaid Oiliúint an Phobail
- Ógtheagmháil
- Oifigí BOOCCC
- Scoileanna

# Struchtúr Eagraíochta

Tacaíonn Feidhmeannacht le bord BOOCCC atá freagrach as beartas, bainistíocht laethúil laethúil agus feidhmeanna nach bhfuil forchoimeádta don Bhord a chur i bhfeidhm, faoi mar a shonraítear in Alt 12 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.*

Oibrítear BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach ar fud an dhá chontae Chill Chainnigh agus Cheatharlach agus tá a cheannoifig suite i gCeatharlach agus tá oifig eile riaracháin suite i gCill Chainnigh.

Tá foireann bainistíochta BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh agus triúr stiúrthóirí – an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, agus an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.





# Spriocanna Straitéiseacha

# Spriocanna Straitéiseacha BOOCCC 2022-2026

**CUSPÓIR 1:**
Caighdeáin teagaisc, foghlama agus seachadta seirbhíse ardchaighdeáin a chur chun cinn, ag glacadh le modheolaíochtaí nua agus cuir chuige nuálaíocha.

**CUSPÓIR 2:**
Ár dtionchar a thógáil, ár seirbhísí a chur chun cinn agus ár raon a mhéadú, rud a fhágann gurb é BOOCCC an rogha cáilíochta.

**CUSPÓIR 3:**
Cumas ceannaireachta ár bhfoirne a thógáil trí cultúr a chur chun cinn um *fhoghlaim do chách* i BOOCCC.

**CUSPÓIR 4:**
Eagraíocht láidir, tréan a thógáil a bhfuil cumas agus acmhainneacht aici.

**CUSPÓIR 5:**
Comhoibriú lenár gcomhpháirtithe, ag tógáil fianaise agus léargais don treo amach anseo agus samhlacha nua seachadta seirbhíse.

# Tuarascáil ar Dhul chun Cinn

## 1
## Caighdeáin Teagaisc, Foghlama agus Cháilíochta

### Teagasc agus Foghlaim Ardchaighdeáin

- Clár Prionsabail Magenta do mhúinteoirí – d'fhreastail 28 múinteoir
- Athbhreithniú ar thorthaí scrúdaithe i scoileanna agus ionaid BOO
- Thit TeachMeet amach an 20 Deireadh Fómhair - d'fhreastail 270 múinteoir
- Leanadh ag tacú leis an bpróiseas agus leis an bpleanáil SSE agus díriú ar fhoghlaim digiteach
- Tugadh tacaíocht do mhionathruithe ar mheasúnú do chláir in BOO

### Foghlaim Ionchuimsitheach

- Bunaíodh Pobal Cleachtais Foghlama SENCO – d'fhreastail 34 duine ar an seisiún ionduchtúcháin
- Fairsingíodh sainaonaid agus sainranganna a sholáthar i measc scoileanna, Coláiste an Dubhuisce agus Coláiste an Ghrianáin san áireamh
- Leanadh le forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) agus tacaíocht a sholáthar do sholáthar riachtanais speisialta oideachais
- Ghlac naoi scoil páirt i dtionscadal léarscáilithe SEN BOOÉ/BOO a thacaíonn le cur chuige uile-scoile i leith ionchuimsiú
- Tugadh tacaíochtaí breise d'fhoghlaimeoirí óna dteastaíonn teicneolaíocht chuiditheach
- Tugadh an tionscnamh foghlama teaghlaigh Wolfwalkers isteach
- Tháinig borradh suntasach ar litearthacht d'aosaigh a sholáthar agus ar dheimhniúchán ar leibhéil 1-4

### TFC a Chur chun Cinn

- Rinneadh uasghráduithe leanúnacha ar bhonneagar TFC i measc scoileanna, ionad agus seirbhísí
- Tugadh straitéis dhigiteach do scoileanna isteach agus tacaíodh le BOO
- Soláthraíodh clár Teach Nimble chun tacú le 19 múinteoir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú
- Cuireadh CPD leanúnach ar siúl do scoileanna agus ionaid chun tacú le scileanna digiteacha a leabú
- Leanadh le seomraí dearaidh a uasghrádú i dteicneolaíocht, DCG, innealtóireacht agus tógáil
- Tugadh faoi iniúchadh ar bhonneagar TFC mar chuid d'athbhreithniú CyberRAT

### Féinmheasúnú agus Dearbhú Cáilíochta

- Cuireadh laethanta Oiliúna na Sraithe Sóisearaí ar siúl
- Aontaíodh agus cuireadh Plean Feabhsúcháin Cáilíochta 2023 chun cinn
- Tacaíodh leis an bpróiseas SSE i scoileanna/ionaid
- Cuireadh moltaí cigireachta i bhfeidhm
- Aontaíodh ar Spriocanna Comhaontaithe Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS
- Tacaíodh le Scoileanna/Ionaid chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar curaclaim gach bliain

## Folláine a Chur chun Cinn

- Leanadh le himeachtaí dámhachtainí agus sárthaispeántais a chur ar siúl i scoileanna agus ionaid
- Gníomhaíochtaí folláine curtha chun cinn i measc scoileanna, ionad agus seirbhísí i gcaitheamh na bliana
- Rannphháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, comórtais áitiúla agus náisiúnta san áireamh, i limistéir ar nós iománaíochta, peile, camógaíochta, ceoil, drámaíochta agus díospóireachta
- Cruthaitheacht agus feasacht ar an aeráid a chur chun cinn trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla, saoránacht dhomhanda a chur chun cinn, braislí cruthaitheacha agus sármhaitheasa scoileanna ina measc
- Tacaíocht leanúnach le hacmhainn chórais chúraim thréadaigh a fhorbairt le folláine a chur chun cinn i scoileanna agus in ionaid
- An Teastas i gCleachtas Aisiríoch a thabhairt isteach níos mó i measc 18 gceannaire scoile agus múinteoir

## Anailísíocht Sonraí

- Anailís leanúnach ar shonraí trí PLSS, QBS agus trí chórais eile MIS
- Cuireadh ceardlann sonraí ar siúl chun tacú le monatóireacht agus anailís sonraí
- Leanadh le hidirchaidreamh struchtúrach leis na comhpháirtithe tionscail
- Data workshop hosted to support data monitoring and analysis
- Structured engagement with industry partners continued

## 2
## Éifeacht a Fhorbairt, Tionchar a Chur chun Cinn

## Próifíl agus Brandáil

- Chas an Grúpa Oibre Cumarsáide ar a chéile go rialta le feabhas a chur ar chur chuige BOOCCC i leith cur chun cinn agus cumarsáid sheachtrach
- Leanadh le suíomh gréasáin BOOCCC a fheabhsú
- Tugadh ábhar agus comharthaíocht bhreise um chur chun cinn isteach
- Leanadh le hobair ar Straitéis Cumarsáide BOOCCC

## Margaíocht agus Cur chun Cinn

- Tugadh faoi sceideal gníomhaíochtaí um chur chun cinn do scoileanna agus tugadh faoi BOO le linn na bliana
- Thit Dámhachtainí Scoláire na Bliana 2023 amach i gCill Chainnigh an 8 Meán Fómhair
- D'fhreastail BOOCCC ar na Dámhachtainí Printíseachta Náisiúnta réigiúnacha do scoláirí a chríochnaigh an cúrsa i measc 21 ceird éagsúil i nDeireadh Fómhair
- Soláthraíodh clár forleathan na Seachtaine BOO le deich mbliana d'oideachas agus oiliúint in BOOCCC a cheiliúradh

## 3
## Ár nDaoine agus ár bhFoireann

## Pleanáil an Lucht Saothair

- Thit pleanáil agus tacaíocht an lucht saothair amach i scoileanna, BOO agus OSD agus sainaithníodh agus ceadaíodh folúntais ríthábhachtacha
- Soláthraíodh clár ionduchtúcháin do mhúinteoirí nua agus d'fhreastail 42 múinteoir air
- Cuireadh sraith ceardlann ar siúl chun tacú le folláine foirne

# 4
## Ár nEagraíocht

### Oiliúint CPD agus Ceannaireachta

- Tacaíodh le Pobail Chleachtais in BOO agus scoileanna le hobair leanúnach a chur chun cinn
- Cuireadh CPD chun cinn ar fud na heagraíochta agus go leor oiliúna ar bun le scoileanna, BOO agus foireann riaracháin agus tacaíochta, oiliúint sláinte agus sábháilteachta, agus oiliúint comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe ina measc
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta chun tacú le scoileanna agus ionaid, oiliúint ar Oifigeach Sábháilteachta agus Ionadaí Sábháilteachta agus MAPA san áireamh
- Soláthraíodh oiliúint ceannaireachta do scoileanna, BOO agus bainistíocht BOO agus cuireadh clár lárcheannaireachta do mhúinteoirí ar siúl mar chuid di

### Rialachas

- Thit athbhreithniú ar éifeachtúlacht an Bhoird amach
- Thit sraith seisiúin phleanála amach le creat níos fearr soláthair BOO a sholáthar
- Chuir Grúpa Oibre Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine sraith ceardlann ar siúl agus d'fhorbair siad Plean Gníomhaíochta
- Ceanglais reachtúla uile BOOCCC a sheoladh ar aghaidh go tráthúil, an Plean Seirbhíse, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus an Tuarascáil Bhliantúil ina measc
- Cuireadh oiliúint airgeadais agus ar sholáthar ar fáil don bhainistíocht scoile agus BOO
- Glacadh le nósanna imeachta leasaithe um Chosaint Leanaí i ngach scoil agus ionad Ógtheagmhála

### Forbairt Eagraíochta

- Tugadh córas SUN Financial agus P2P isteach níos fairsinge ar fud BOOCCC
- Tugadh modúl d/EPM isteach agus aistríodh ó SAP go córais airgeadais SUN
- Tugadh lárchonradh TFC isteach do scoileanna agus ionaid
- Tosaíodh le Néalseirbhís Bainistíochta Clódóireachta a thabhairt isteach i measc na scoileanna agus na n-ionad go léir
- Leanadh le tástáil Chibearshlándála agus Fioscaireachta

### Forbairt Caipitil agus Foirgníochta

- Cuireadh tionscadal Champas Chill Chainnigh chun cinn
- Cuireadh mórthionscadail sínte chun cinn i gColáiste Mhuire, Gairmscoil na Buiríse, agus Gaelcholáiste Cheatharlach
- Seoladh cás gnó tosaigh do cheanncheathrú nua chuig an Roinn Oideachais
- Forbraíodh cás gnó do Choláiste BOO na Todhchaí agus críochnaíodh an tuarascáil roghnúcháin suímh
- Leanadh le sraith tionscadail oibreacha éigeandála agus samhraidh caipitil/athchóirithe a sholáthar
- Leanadh le feabhsúcháin agus uasghráduithe chun tacú le cibearshlándáil
- Críochnaíodh tuarascálacha ar bhail foirgnimh

# 5 Comhpháirtíocht agus Nuálaíocht

## Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

- Rinne oiliúint Chomhairle na Scoláirí soláthar do 135 scoláire i measc na scoileanna go léir
- Cuireadh imeacht Fhóram na bhFoghlaimeoir ar siúl le glór na scoláirí a chur chun cinn
- Coimisiúnaíodh taighde ar dhaoine óga nach bhfuil in oideachas, fostaíocht nó oiliúint (NEET) le SETU
- Leanadh agus fairsingíodh cláir agus imeachtaí Ghlúin an Cheoil
- Seoladh tuarascáil suirbhé APSNAR d'obair don ógra a sholáthar

## Soláthar Nua

- Méadaíodh an soláthar i measc printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna chun freastal ar riachtanais scileanna, Cúrsa Oiliúna HGV Gairmiúil, cúrsa tiomána SMART san áireamh
- Tugadh ciste REACH isteach chun tacú le tionscadail phobail
- Leanadh le trí iontógáil de ghrúpaí printíseachta Chéim 2 mar chuid den fhreagairt éigeandála
- Rinneadh an clár Scileanna chun Dul chun Cinn a fhairsingiú le ceannaireacht agus bainistíocht i bhfáilteachas agus clár cibearshlándála Comp TIA a chur san áireamh
- Cuireadh sraith Scileanna Glasa chun cinn i measc na foirne agus scoláirí
- Rinneadh iarratas ar chláir Threasacha lena dtosú in 2024

## Nuálaíocht Straitéiseach

- Lean obair ar aghaidh ar shamhail an Choláiste BOO a fhorbairt agus cuireadh sraith gníomhartha chun cinn
- Cuireadh creat bealaí foghlama agus tacaíochta foghlaimeora chun cinn
- Leanadh le triail phíolótach a bhaint as cur chuige foghlama cumaisc in BOO
- Tá idirchaidreamh le SETU, Fóram Scileanna Réigiúnacha an Oirdheiscirt, an DSP agus le comhpháirtithe eile tionscail ar siúl go leanúnach
- Lean an Fhoireann Oideachais agus Foghlama Réigiúnach (REALT) ar aghaidh agus soláthar oideachais á éascú acu do 335 scoláire bunscoile agus 231 scoláire iar-bhunscoile agus soláthar Béarla á éascú acu do mhic léinn fhásta




# Rialachas Corparáideach



## Sainordú Reachtaíochta

Bunaíodh BOOCCC faoin A*cht um Boird Oideachais agus Oiliúna,* 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

## Feidhmeanna Bhord an BOO

Feidhmeanna forchoimeádta iad na cinntí a dhéanann Bord BOOCCC agus leagtar amach iad in Alt 12(2) den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna*, 2013 agus *i gCiorclán 0002/2019, An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú,* agus leagtar sceideal iomlán amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean sa chás gur cuí agus i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013

## Cóid Cleachtais chun BOOanna a Rialú

Comhlíonann BOOCCC *an Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais.* Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann BOOCCC prionsabail an dea-rialachais agus an dea-bhainistithe chun feidhme. Cuireadh beartais agus nósanna imeachta comhlíonta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód agus treoracha, rialacháin agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

Bunaíodh BOOCCC an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ceanglaítear in Alt 51 den Acht sin ar an BOO "gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé i cibé foirm agus maidir leis na tréimhsí cuntasaíochta sin a fhaomhfaidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe".

Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an mBord an méid a leanas a dhéanamh:

(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánach a chur i bhfeidhm d'ullmhú ráitis airgeadais BOO
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
(c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá Bord BOOCCC freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.* Tá an Bord freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath. Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid ghnóthaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bliantúla.

## Bainistíocht Riosca

Leanann Bord BOOCCC le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2023.

Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht freisin trí chlár struchtúrach bainistíochta riosca. Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord maidir lena fheidhm bhainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (an IAU) agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an OCAG agus ar aon iniúchtaí seachtracha, ar nós iniúchadh an ESF agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Anuas air sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha faoina dtugtar ar bhonn bliantúil.

Buanearra é Bainistíocht Riosca ag gach Cruinniú Boird agus áirítear an méid seo a leanas leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach, an Príomhoifigeach Riosca (an POR) san áireamh
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchtaí

Cuireadh sonraí san áireamh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC) faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí gaolmhara maolaithe mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta. Foilseofar iad seo laistigh de mhí amháin i ndiaidh go bhfaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.



## Córas Rialaithe Inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus gur cuireadh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a d'fhéadfadh athrú go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh seachtrach, san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022. Foilsíodh an AFS laistigh de mhí amháin i ndiaidh go bhfuarthas é ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a oibrítear in BOOCCC bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Beartais agus nósanna imeachta bainistíochta agus riaracháin
- Leithdheighilt dualgas
- Údaruithe sonracha
- Seiceáil inmheánach
- Dearbhuithe Deimhnithe a shínigh an bhainistíocht shinsearach
- Ráiteas Straitéise
- Plean Seirbhíse Bliantúil
- Tuarascálacha ar Bhainistíocht Riosca
- Comhaontú Soláthair Feidhmíochta
- Comhaontú Maoirseachta
- Athbhreithniú míosúil bainistíochta ar thuarascálacha ina dtugtar cuntas ar thorthaí iarbhír agus buiséadaithe clár a oibríonn BOOCCC.
- Clár iniúchta do thuarascálacha agus moltaí iniúchta seachtracha
- Clár iniúchta do thuarascálacha agus moltaí iniúchta inmheánaigh
- Litreacha Bainistíochta ón ARC agus C
- Tuarascálacha ar Thuairim, Torthaí agus Moltaí an IAU-BOOÉ
- Athbhreithniú ar Chomhlíonadh an Chóid Rialachais
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Airgeadais
- Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta
- Athbhreithniú bliantúil ag Bord BOOCCC ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh

Bainistíonn BOOCCC Leanúnachas Gnó agus aird ar athruithe ar an timpeallacht rialaithe.

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhníonn an Cathaoirleach go ndearnadh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a d'fhéadfadh athrú go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh seachtrach, a chur san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus mar aguisín le *Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh* a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Soláthar

Deimhníonn an Bord go gcloíonn an eagraíocht le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus gur cloíodh le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh Soláthair. Déantar scrúdú sa Phlean Corparáideach Soláthair ar aon bheartas soláthair nár comhlíonadh. Bhí ráta an-ard comhlíonta 99.95% á bhaint amach ag soláthar in BOOCCC in 2023. B'ionann an caiteachas iomlán neamhchomhlíontach agus díreach €7,633..

## An Cód Caiteachais Phoiblí 2013

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bhfuil BOOCCC ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

## Comhlíonadh Cánach

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur chloígh BOOCCC lena chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird

Thug Bord BOOCCC faoi athbhreithniú ar a éifeachtacht féin ag a chruinniú Boird an 21 Samhain 2023 i gcomhréir le hAlt 4 den Chód.

## Sceideal agus Freastal na gCruinnithe Boird

Chas Bord BOOCCC ar a chéile ar na dátaí seo a leanas in 2023:

- An 17 Eanáir
- An 14 Feabhra
- An 21 Márta
- An 16 Bealtaine
- An 4 Iúil
- An 19 Meán Fómhair
- An 21 Samhain

Chas Bord BOOCCC lena chéile seacht n-uaire i rith na bliana, agus tugtar cuntas ar shonraí faoi fhreastal sa tábla thíos:

| Céadainm | Sloinne | An 17 Ean | An 14 Fea | An 21 Már | An 16 Bea | An 04 Iúil | An 19 M.F. | An 21 Sam | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Carmel | Boyle | | | | | | | | 5/7 |
| Tomás | Breathnach | | | | | | | | 7/7 |
| Fergal | Browne | | | | | | | | 5/7 |
| Mary Hilda | Cavanagh | | | | | | | | 5/7 |
| Peter | Cleere | | | | | | | | 5/7 |
| Laura | Conheady | | | | | | | | 5/7 |
| Deirdre | Cullen | | | | | | | | 7/7 |
| Andrea | Dalton | | | | | | | | 7/7 |
| Michael | Delaney | | | | | | | | 3/7 |
| Eamonn | Doheny | | | | | | | | 5/7 |
| Fidelis | Doherty | | | | | | | | 6/7 |
| Ger | Frisby | | | | | | | | 7/7 |
| John | Hurley | | | | | | | | 5/7 |
| Matthew | Kenny | | | | | | | | 6/7 |
| Caitlín | Mhic Cárthaigh | | | | | | | | 7/7 |
| Thomas | Kinsella | | | | | | | | 5/7 |
| Patrick | O'Neill | | | | | | | | 6/7 |
| Jenny | O'Regan Byrne | | | | | | | | 3/6 |
| Noel | Phelan | | | | | | | | 2/7 |
| Clare | Ryan | | | | | | | | 6/7 |
| Adrienne | Wallace | | | | | Saoire | | | 3/4 |
| John | Cahill | | | | | | | | 1/3 |




## Oiliúint rialachais do bhaill an Bhoird agus an Choiste

Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do gach Ball nua Boird agus Coiste chun cabhrú leo a sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach agus áirítear leis:

- Litir Cheapacháin – litir fhoirmiúil cheapacháin ina bhfuil sonraí faoin gceapachán, faoi mar a cheanglaítear *sa Chód Cleachtais chun BOOanna a Rialú 2019.*
- Paca Ionduchtúcháin Ball Boird – ábhar cuimsitheach ar róil, freagrachtaí agus feidhmeanna Bhord BOOCCC.
- Cruinniú Faisnéise na Bainistíochta Feidhmiúcháin ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha BOOCCC.

## Coistí

Bhunaigh Bord BOOCCC roinnt coistí, ina bhfuil comhaltaí boird agus/nó comhaltaí eile lena n-aontaítear, chun cabhrú lena fheidhmeanna. Anuas ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais, tá a Bhord Bainistíochta féin ag gach scoil. Tá roinnt Boird Bhainistíochta BOO agus coiste Oibre don Ógra ann freisin, ar leithligh uathu.n BOO




## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi alt 44 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013* agus tá ról ar leith aige, gníomhaíonn sé go neamhspleách ó bhainistíocht BOOCCC, agus cuireann sé dearbhuithe ar fáil don Bhord i dtaobh leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh, bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach ina measc. Chas an coiste ar a chéile ar na dátaí seo a leanas in 2023: An 23 Eanáir; an 27 Feabhra; an 15 Márta; an 6 Samhain; agus an 18 Nollaig trí MS Teams agus i bpearsan.

Chas an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca lena chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tugtar cuntas ar shonraí faoi fhreastal sa tábla thíos.

| Name | 23 Ean | 27 Fea | 15 Már | 6 Sam | 18 Nol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mary Brennan – Ball seachtrach | | | | | | 4/5 |
| Andrea Dalton – Ball boird | | | | | | 5/5 |
| Michael Delaney – Ball boird | | | | | | 2/5 |
| PJ Leonard – Ball seachtrach | | | | | | 4/5 |
| Gerard Mulvey (Cathaoirleach) – Ball seachtrach | | | | | | 5/5 |
| Patrick O'Neill – Ball boird | | | | | | 2/5 |

Mar chuid dá gclár oibre rinne an Coiste breithniú ar an méid seo a leanas:

- Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí
- Cruinnithe faisnéise agus dearbhuithe na bainistíochta sinsearaí
- Miontuairiscí an Bhoird
- Miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta
- Clár Iniúchta
- Struchtúir chomhlíonta agus rialachais
- Beartas Bainistíochta Riosca
- Clár Rioscaí
- Plean um Chur i bhFeidhm na Bainistíochta Riosca
- Beartas agus Tuarascáil Nochta Chosanta
- Beartais agus nósanna imeachta airgeadais
- Idirchaidreamh le hionadaí an OCAG

## An Coiste Airgeadais

Tá freagracht ar an gCoiste Airgeadais as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas BOOCCC, conarthaí móra agus gnéithe airgeadais de phleananna oideachais agus seirbhíse. Chas an coiste ar a chéile ar na dátaí seo a leanas in 2023: An 13 Feabhra, an 16 Márta, an 1 Samhain agus an 13 Nollaig. Chas an Coiste Airgeadais lena chéile ceithre huaire i rith na bliana, agus tugtar cuntas ar shonraí faoi fhreastal sa tábla thíos.

| Members | 13 Fea | 16 Már | 1 Sam | 13 Nol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sadie Aherne – ball seachtrach | | | | | 3/4 |
| Mary Brennan – ball seachtrach | | | | | 3/4 |
| Mary Hilda Cavanagh – ball Boird | | | | | 3/4 |
| Peter Cleere – ball Boird | | | | | 2/4 |
| Deirdre Cullen – ball Boird | | | | | 1/4 |
| Edward Holohan (Cathaoirleach) – ball seachtrach | | | | | 4/4 |






Mar chuid dá chlár oibre rinne an Coiste Airgeadais breithniú ar an méid seo a leanas:

- Tuarascáil ar Thionscadail Chaipitil
- Tuarascálacha Míosúla Ioncaim agus Caiteachais
- Conarthaí os cionn €50,000
- Clár na gConarthaí
- Ráitis Airgeadais
- Dréachtphlean Seirbhíse
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Dearbhuithe an Phríomhfheidhmeannaigh
- Cruinnithe faisnéise ón mBainistíocht Shinsearach

## Ráitis Airgeadais

Dualgas atá ar an mBord is ea a chinntiú go ndéantar léiriú cothrom, fíor agus cóir ar staid airgeadais na BOOanna gach bliain. Tá Bord BOOCCC freagrach as cuntais a choimeád agus as na ráitis airgeadais bhliantúla (AFS) a ullmhú ar bhealach a chomhlíonann an reachtaíocht; na beartais chuntasaíochta agus na caighdeáin infheidhme do na BOOanna. Ní foláir dó an t-ioncam agus an caiteachas agus staid na ngnóthaí ag deireadh 2023 a léiriú i gceart agus tuairisciú a dhéanamh ar cheisteanna a mheasann sé is stuama.

Measann Bord BOOCCC go dtugtar i ráitis airgeadais bhliantúla 2023 léiriú fíor agus cóir ar staid airgeadais na heagraíochta agus go gcuirtear i láthair i gceart iontu ioncam agus caiteachas agus staid na ngnóthaí ag deireadh 2023.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOOCCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag an OCAG ag tráth fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil BOOCCC don bhliain 2023. Foilseoidh BOOCCC na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Cuirtear sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:**

- Sonraí faoi tháillí gaolmhara neamhthuarastail a íocadh maidir le Baill Bhoird a anailísítear de réir catagóir tháillí
- Sonraí comhiomlána faoin bpríomhbhainistíocht a chúiteamh a anailísítear sna catagóirí seo a leanas, cúiteamh na bainistíochta, ar an iomlán san áireamh;
    - Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha
    - Sochair iarfhostaíochta
    - Sochair foirceanta
- Cúiteamh na príomhbhainistíochta, más ann dó;
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig laghdú idir €0 agus €59,999 ar a sochair fostaí iomlána (gan costais phinsean fostóra a áireamh) don tréimhse thuairiscithe agus laistigh de gach banda pá €10,000 ó €60,000 aníos agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána fostóra.

Foilseofar na Ráitis Airgeadais Iniúchta ar www.kcetb.ie.



## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Fuair BOOCCC 8 n-iarraidh ar fhaisnéis faoin Acht SF in 2023..

## Nochtadh Cosanta

Níor tugadh aon cheisteanna chun solais in 2023 faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

## An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá BOOCCC tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais san eagraíocht agus lorgaíonn sé caitheamh cóir agus cothrom a chinntiú faoi na naoi bhforas a leagtar amach san Acht um Stádas Comhionann.  Tá cláir agus seirbhísí tiomanta do chinntiú go mbuntacaíonn cultúr comhionannais agus cothroime lena gcuid oibre. Bhunaigh BOOCCC grúpa oibre Comhionannais agus Ceart Daonna Earnála Poiblí in 2022 agus thosaigh sé le Ráiteas Luachanna Comhionannais agus Ceart Daonna a fhorbairt, Measúnú agus Plean um Chur i bhFeidhm, ar aon dul lenár ndualgais earnála poiblí.  Thit sraith ceardlann amach i rith 2023 leis an limistéar seo gníomhaíochta a chur chun cinn.

## Tuairisciú Bliantúil ar Fheidhmíocht Fuinnimh

Soláthraítear sa Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh Earnála Poiblí an creat chun cabhrú leis an earnáil phoiblí a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach trí ídiú fuinnimh agus costais fuinnimh a laghdú agus cleachtais dhaingne bhainistithe fuinnimh a leabú ar gach leibhéal d'oibríochtaí gnó. Mar chomhlacht poiblí, tá ceanglas dlíthiúil bliantúil ar BOOCCC sonraí fuinnimh a thuairisciú faoi I.R. 426 de 2014. Bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh, rinne BOOCCC coigilt 45.1% (faoi réir Dheimhniú an SEAI) faoi dheireadh 2021, a léiríonn feabhsú leanúnach ó tugadh an Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh Earnála Poiblí isteach.

## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021

Shásaigh BOOCCC na hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021. Caitheadh 5% den chaiteachas fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge agus bhí 23% de na fógraí go léir ar fud na heagraíochta i nGaeilge.

## Próifíl Soláthair Foirne

Léirítear sa tábla seo a leanas coibhéis lánaimseartha phróifíl soláthair foirne BOOCCC i rith 2023

| | 2023 |
|---|---|
| **Príomhfheidhmeannach** | **1.00** |
| **Stiúrthóirí** | **3.00** |
| **Foireann Riaracháin agus Tacaíochta** | |
| Foireann Riaracháin (CLA) | 72.73 |
| Coimhdeach (CLA) | 28.68 |
| **Foireann Scoile** | |
| Príomhoidí | 13.00 |
| Leas-Phríomhoidí | 16.00 |
| Foireann Múinteoireachta (CLA) | 452.09 |
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CLA) | 48.50 |
| **Foireann Breisoideachais agus Oiliúna** | |
| Bainisteoir Seirbhísí Oiliúna | 1.00 |
| Oifigigh Oideachais Aosach | |
| *(1 Bhainisteoir Seirbhísí Oiliúna Cúnta san áireamh) ning Services Manager)* | 4.00 |
| Comhordaitheoirí/Éascaitheoirí | 16.00 |
| Treoirchomhairleoirí | 5.00 |
| Oifigigh Óige | 2.00 |
| Oifigigh Forbartha Ghlúin an Cheoil | 2.00 |
| Teagascóirí Acmhainne | 9.00 |
| Teagascóirí Páirtaimseartha (íoctha agus deonacha) | 100.00 |
| Múinteoirí/Teagascóirí (CLA) | 27.95 |
| Oifigeach Faisnéise | 2.00 |
| Teagascóirí | 5.00 |
| Oifigigh Údaraithe | 3.00 |
| Oifigigh Thionscadal | 4.00 |
| Príomhoidí | 2.00 |
| Leas-Phríomhoidí | 3.00 |
| Foireann Múinteoireachta (CLA) | 74.79 |
| **Iomlán (coibhéis lánaimseartha)** | **895.74** |




# Tuarascálacha na Stiúrthóireachta

# Stiúrthóireacht Scoileanna

Údarás oideachais áitiúil reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach (BOOCCC) atá á oibriú i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus le reachtaíocht ábhartha eile.

Cuireann sé réimse cuimsitheach cláir agus tacaíochtaí oideachais ar fáil atá in ainm is freastal ar riachtanais daoine óga agus fásta ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach. D'fhorbair sé réimse soláthair oideachais chun dul i ngleic le héilimh éagsúla agus shíorathraitheacha foghlaimeoirí. Tá 13 scoil dara leibhéal á n-oibriú ag BOOCCC. Bíonn baint aige in go leor gníomhaíochtaí comhpháirtíochta ar leibhéal áitiúil agus cuireann sé réimse tacaíochtaí oideachais ar fáil chun barr feabhais a chur ar cháilíocht a chláir oideachais.




**Tá freagracht ar BOOCCC as 13 scoil/choláiste dara leibhéal, comhoideachais il-sainchreidmheacha. Is iad siúd:**

| | |
|---|---|
| Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh | Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach |
| Gairmscoil na Buiríse | Gaelcholáiste Cheatharlach |
| Coláiste Aindriú, Muine Bheag | Coláiste an Ghrianáin, Baile Mhic Andáin |
| Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn | Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh |
| Coláiste Eoin, Baile Haicéid | Scoil Aireagail, Baile Héil |
| Coláiste Mhuire, Baile Sheáin | Coláiste Tyndall, Ceatharlach |
| Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh | |

Is í aidhm ár meánscoileanna oideachas ardchaighdeáin ionchuimsitheach iomlánaíoch a sholáthar a chuirfidh ar chumas gach duine aonair a lánchumas a bhaint amach chun gur féidir leis/léi saol sásúil a mhaireachtáil agus cur le forbairt na sochaí. Déanann pobail na scoile dícheall na haidhmeanna seo a bhaint amach le foireann ghairmiúil chomhoibritheach tríd an méid seo a chur a chur ar fáil:

- curaclam forleathan, a fhreastalaíonn ar fhorbairt mhorálta, intleachtúil, fhisiciúil, shóisialta agus phearsanta scoláirí
- clár oideachais comhchuraclaim
- clár cúraim thréadaigh

Bunaíodh na scoileanna in BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach mar fhreagairt do riachtanais áitiúla oideachais agus tá an traidisiún seo ina bhfreastalaítear ar riachtanais scoláirí ina steillbheatha go fóill ar fud phobal na scoile. Is soiléir nuálaíocht agus bainistíocht an athraithe nuair a chuirtear an réimse clár atá ar fáil san áireamh. Príomhghné é comhpháirtíocht freisin a bhuntacaíonn le forbairt ár scoileanna agus tugtar faoi deara é inár gComhairlí Scoláirí agus ár gCumainn Tuismitheoirí ghníomhacha. Oibrímid chomh maith i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, go háirithe sna hearnálacha óige, spóirt, forbartha pobail agus san earnáil ghnó chun barr feabhais a chur ar eispéiris oideachais dár scoláirí. Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach le réimse fairsing clár a sholáthar ina scoileanna. Anuas ar Chlár an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta, cuirtear sainchláir ar fáil i scoileanna freisin, cosúil le Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh (CSTS), an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta.

## Soláthar Dara Leibhéal

| Scoil | Cláir a Chuirtear ar Fáil | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | JC | JCSP | TY | LC | LCA | LCVP | PLC |
| Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh | √ | | √ | √ | √ | √ | |
| Gairmscoil na Buiríse | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste Aindriú, Muine Bheag | √ | √ | √ | √ | √ | | |
| Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste Eoin, Baile Haicéid | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste Mhuire, Baile Sheáin | √ | √ | √ | √ | √ | √ | |
| Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh | √ | | √ | √ | | | |
| Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach | | √ | √ | √ | | √ | |
| Gaelcholáiste Cheatharlach | √ | | √ | √ | | √ | |
| Coláiste an Ghrianáin, Baile Mhic Andáin | √ | | √ | √ | | √ | |
| Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh | | √ | √ | √ | √ | | √ |
| Scoil Aireagail, Baile Héil | √ | | √ | √ | | | |
| Coláiste Tyndall, Ceatharlach | | √ | √ | √ | √ | √ | |

Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh (CSTS); Clár na hIdirbhliana (IB); an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF), Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT); agus cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT).

| Scoil | 2023/2024 |
|---|---|
| Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh | 1011 |
| Gairmscoil na Buiríse | 539 |
| Coláiste Aindriú, Muine Bheag | 151 |
| Coláiste Cois Siúire, Móin Choinn | 153 |
| Coláiste Eoin, Baile Haicéid | 350 |
| Coláiste Mhuire, Baile Sheáin | 658 |
| Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh | 230 |
| Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach | 146 |
| Gaelcholáiste Cheatharlach | 350 |
| Coláiste an Ghrianáin, Baile Mhic Andáin | 320 |
| Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh | 316 |
| Scoil Aireagail, Baile Héil | 192 |
| Coláiste Tyndall, Ceatharlach | 998 |
| **Iomlán** | **5,414** |

# Éachtaí Scoile in 2023

Lean scoileanna BOO i gCill Chainnigh agus Ceatharlach ag fás agus ag forbairt i rith 2023 agus tháinig méadú ar rollú i roinnt scoileanna.

Buaicphointe in 2023 a bhí i gceiliúradh ar ár scoileanna i rith na Seachtaine BOO, a thit amach ón 27 Feabhra go dtí an 3 Márta 2023. Ghlac scoileanna páirt an-rathúil agus cuireadh go leor rudaí in airde ar na meáin shóisialta faoina ngníomhaíochtaí agus a n-imeachtaí. Thug sé an deis ár n-éiteas agus ár sármhaitheas san oideachas a leanaimid lena tabhairt chun cinn a cheiliúradh agus a chur chun cinn.

Chuireamar comórtas grianghrafadóireachta éitis ar siúl le scoláirí, inar tugadh cuireadh do ghrianghraif inar léiríodh ár gcroíluachanna: Sármhaitheas san Oideachas, Meas, Cúram, Pobal agus Comhionannas.

Comhghairdeas le buaiteoirí ár gcomórtais grianghrafadóireachta:

**Buaiteoir Foriomlán an Chomórtais:**
Cáitín Ní Thaidhg - (Gaelcholáiste Cheatharlach)

**Buaiteoir Théama an Mheasa:**
Cian Franks (Scoil Aireagail)

**Chomhbhuaiteoirí Théama an Phobail:**
Cáitín Ní Thaidhg - (Gaelcholáiste Cheatharlach)
Jeff Iwere (Coláiste Pobail na Mainistreach)

**Buaiteoir Théama an Chúraim:**
Eden Gillespie (Coláiste Pobail na Mainistreach)

**Buaiteoir Sármhaitheasa san Oideachas:**
Shane Farrell (Gairmscoil na Buiríse)

**Buaiteoir Théama an Chomhionannais:**
Devon Kielthy (Coláiste an Dubhuisce)

Chuireamar oscailt oifigiúil an Aonaid ASD ar siúl freisin i nGairmscoil na Buiríse, Dé Céadaoin, an 1 Márta.

Thit Imeacht Foghlama Gairmiúla Treoirchomhairleora BOOCCC ar siúl Dé Máirt, an 28 Feabhra 2023. Sholáthair ár bhfoireann Breisoideachais agus Oiliúna an seisiún, a sholáthair nuashonruithe ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta agus ar Roghanna BOO don bhliain 2023/2024.

## Gradaim Sármhaitheasa BOOÉ

Bhí gliondar croí orainn go raibh buaiteoirí againn i nGradaim Sármhaitheasa BOOÉ, a chuir an léitheoir nuachta le RTÉ, Ray Kennedy, ar siúl i bPáirc an Chrócaigh.
Bhuaigh Seán Holt, scoláire 6ú Bliana ó Ghaelcholáiste Cheatharlach an Gradam Sármhaitheasa i nGaeloideachas. Aithníonn an gradam duine a chuir go han-mhór le pobal a BOO maidir leis an nGaeilge.

Bhuaigh BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach an dara duais agus an buaiteoir trí chéile i gcatagóir an Ghradaim Sármhaitheasa don Mheas. Thug ár dTionscnamh Scoileanna BOOCCC i bPobail Scoile Aisiríocha a Fhorbairt an chéad áit leis agus bhuaigh Coláiste Pobail na Mainistreach an dara duais dá sársheachtain mheasa. Cuireadh clár seachtaine ar siúl i gColáiste Pobail na Mainistreach inar cuireadh gníomhaíochtaí laethúla agus uile-scoile ar bun le féinmheas agus meas ar dhaoine eile a chur chun cinn.

Bhí gliondar croí orainn freisin gur bhronn ár laoch BOO, an múinteoir Michael Farrell i nGairmscoil Chathair Chill Chainnigh, agus an foghlaimeoir Alauddin Mohammad an duais le haghaidh Sármhaitheas sa Phobal. Roghnaíodh Michael le páirt a ghlacadh i bhfeachtas spreagúil náisiúnta meán Laoch BOO. Taispeántar san fheachtas meán seo iad siúd ar éirigh go sármhaith leo ina réimse agus a léiríonn scoth an mhéid a dhéanann BOOanna.

## An Fhoireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga (REALT)

Chuir an Roinn Oideachais síneadh bliana eile leis an gconradh do phost Comhordaitheora REALT agus chuir siad leis an ról go gcuimseofaí ann cabhrú le teaghlaigh IPAS (an tSeirbhís Chóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta) áiteanna scoile a aimsiú, agus le hÚcránaigh a bhí ag teacht go hÉirinn.

Is é príomhról comhordaitheoir REALT cur le struchtúir thacaíochta oideachais réigiúnacha reatha agus dírítear ann i dtosach ar chabhrú le dídeanaithe na hÚcráine agus le teaghlaigh IPAS le háiteanna scoile a aimsiú. Tacaíonn comhordaitheoir REALT le scoileanna sa cheantar chun freastal ar riachtanais na leanaí seo de réir mar a théann siad i gcomhairle na seirbhíse, cuireann sé comhairle agus tacaíocht ar fáil don Roinn Oideachais le hacmhainn nua a fhorbairt, nuair is gá.




I measc Foirne REALT, tá:

- Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS), ag a bhfuil taithí fhairsing ar idirchaidreamh a dhéanamh le scoileanna maidir le háiteanna do scoláirí agus tá siad freagrach as múinteoirí Teagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail
- Pearsanra réigiúnach an NEPS
- Pearsanra réigiúnach an NCSE
- Ainmnithe áitiúla an chomhlachta bainistíochta
- Príomh-chomhpháirtithe eile, faoi mar is cuí

## Teagasc agus Foghlaim

In ainneoin an tírdhreacha scoile atá ag síorathrú, lean scoileanna in 2023 ag díriú ar shármhaitheas i dteagasc agus foghlaim. Lean sraith ceardlanna teagaisc agus foghlama do mhúinteoirí *(Príomhoidí Magenta)* le feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim inár scoileanna ar siúl i rith na bliana acadúla 2023/2024. Ghlac fiche a hocht múinteoir i measc ár 13 scoil páirt sna ceardlanna seo i rith na bliana.

## Tionól Teagaisc BOOCCC

Thit ár TIONÓL TEAGAISC (TEACH MEET) bliantúil; ár n-imeacht foghlama gairmiúla agus roinnte, amach go fiorúil an 20 Deireadh Fómhair 2023. Ba é ár bpríomhchainteoir i mbliana an Dr Natalie O'Neill (DCU), a rinne cur i láthair ar "Oideolaíocht fiosrachta a fhorbairt - fiosracht a thabhairt isteach sa teagasc trí phobail chleachtais." Chuir ár gcomhghleacaithe teagaisc ceardlanna léargasacha ar siúl. D'fhreastail 270 múinteoir ar an imeacht.

Lean scoileanna BOOCCC ag tabhairt faoi phleanáil forbartha scoile, féinmheasúnú scoile agus pleanáil DEIS agus thug go leor díobh faoi shraith tionscnamh i limistéar an teagaisc agus na foghlama.

- **Forbairt Curaclaim** - Leanadh le hoiliúint a thabhairt isteach don tSraith Shóisearach agus cuireadh sraith laethanta oiliúna sa scoil agus laethanta oiliúna braislithe ar siúl. Mar chuid dá gClár Folláine Sraithe Sóisearaí, d'eagraigh go leor scoileanna imeachtaí folláine. Ina measc seo, bhí Seachtain na Scoileanna Gníomhacha, Imeachtaí TikTok, Taispeántais Tallainne, A Bheith Sábháilte ar Líne agus Cláir in aghaidh na Bulaíochta, i measc cinn eile.

- **Foghlaim Dhigiteach/le Cuidiú Teicneolaíochta** Leanadh leis an díriú ar an teicneolaíocht dhigiteach a leabú sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim i measc scoileanna agus coláistí le scoláirí agus múinteoirí trí úsáid a bhaint as Microsoft Office 365 in 2023. Rinneadh infheistíocht mhór i ngléasanna agus in CPD do mhúinteoirí san úsáid a bhaintear as MS Teams agus d'aistrigh gach scoil chuig MS Teams a úsáid mar an t-aon ardán le haghaidh múinteoireachta agus foghlama.

- Chomhoibrigh BOOCCC le H2 Learning agus Microsoft Education le clár foghlama gairmiúla a sholáthar chun tacú le múinteoirí barr feabhais breise a chur ar chleachtais mhúinteoireachta, foghlama agus mheasúnaithe trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. Glacadh cur chuige iomlánaíoch sa chlár seo Teach Nimble i leith teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach i saol na scoile agus ceanglaíodh é le gníomhartha reatha maidir le foghlaim ghníomhach, measúnú múnlaitheach, foghlaim féinstiúrtha, aireachas etc.
- Glacadh le cur chuige dearaidh foghlama sa chlár seo ina ndearna múinteoirí breithniú ar an méid seo a leanas:
  - ***Cá*** dtitfidh foghlaim an scoláire amach?
  - ***Cén*** saghsanna foghlama faoina dtabharfaidh scoláirí?
  - ***Cén*** teicneolaíochtaí a úsáidfidh siad sna gníomhaíochtaí seo?

Chríochnaigh 19 múinteoir an clár in 2023.

- **Scrúduithe Stáit na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2023**
  Tá moladh tuillte ag scoileanna as na hiarrachtaí móra a rinne siad lena chinntiú gur cuireadh an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht 2023 ar siúl gan deacrachtaí dár scoláirí.

- **Gnóthachtáil a Aithint**
  D'éirigh go geal le scoláirí BOOCCC ina n-éachtaí acadúla, spóirt agus seach-churaclaim in 2023, a rinne ionadaíocht dár BOO ar an leibhéal is airde ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta.  D'éirigh go geal le Coláiste Mhuire san iománaíocht agus sa chamógaíocht agus bhain foireann shóisearach iománaíochta A craobhchomórtas Laighean amach agus thug foireann Shóisearach B an bua leo i gcraobhchomórtas Laighean agus bhuaigh a bhfoireann camógaíochta blitzchomórtas Choláistí Laighean agus bhain siad an cluiche leathcheannais den chraobhchomórtas amach. Bhain Gairmscoil na Buiríse Craobhchomórtas Sóisearach Camógaíochta Uile-Éireann amach agus bronnadh Gradam an Chathaoirligh 2023 orthu do Cheantar Bardasach Mhuine Bheag anuas ar Ghradam Fhoireann na Bliana chéad ráithe an Carlow Nationalist. Bhain Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh rath Uile-Éireann amach chomh maith tar éis dóibh an Craobhchomórtas Náisiúnta a bhuachan le foirne Sinsearacha Eitpheile na mBuachaillí agus na gCailíní. Léirigh an Méara David Fitzgerald onóir bhreise ar na foirne, a chuir Fáiltiú an Mhéara ar siúl i Halla an Bhaile do na sárfhoirne eitpheile. Buaicphointe do Choláiste Aindriú a bhí sa bhua a bhí ag a bhfoireann Sacar faoi 16 i gCraobhchomórtas Sacair Scoileanna BOOCCC. Bhuaigh foirne iománaíochta faoi 14 agus 16 Choláiste an Ghrianáin dhá theideal Laighean freisin.

  D'éirigh go geal le Coláiste Pobail Osraí sa cheol lena mbanna sinsearach, The Donnies, a bhuaigh Craobhchomórtas Uile-Éireann i gcomórtas ceoil Scléip, agus bhuaigh Adam ó Draighneán an 1ú háit sa chatagóir Aonair Sinsearach agus bhuaigh Seth ó Scanláin an 2ra háit sa chatagóir uirlise Aonair Shóisearaigh.

  Bhain an Scoláire ó Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh craobhchomórtas an chomórtais Junk Kouture lena ndearadh *Spykes Yikes*, agus bhuaigh scoláirí Idirbhliana i nGairmscoil na Buiríse an duais fhoriomlán sa chomórtas Big Idea National.

- **Thit Gradaim Scoláire na Bliana 2023** amach an 8 Meán Fómhair Ainmníodh scoláire ó gach scoil do ghradam i ngeall ar a ngnóthachtálacha agus an méid iomlán a chuir siad le beatha na scoile.

## Rialachas agus Bainistíocht Scoile

**Nuashonrú ar Iontrálacha go Scoileanna**
De bhreis ar an gcáipéisíocht ábhartha a dháil an Roinn Oideachais ar alt 37 agus 67 den Acht Oideachais, 1998 a thabhairt isteach maidir le hiontrálacha go scoileanna, bhí ar Bhoird Bhainistíochta ár scoileanna a dheimhniú don Phátrún gur nuashonraigh siad a mbeartas iontrálacha. Nuashonraíodh Beartais Iontrála le tiomantas scoileanna a chur san áireamh do chomhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i bhfeidhmiú fheidhmeanna na Comhairle, ach go háirithe soláthar agus oibriú ranga nó ranganna speisialta san áireamh nuair a iarrann an Chomhairle orthu.

**Nósanna Imeachta leasaithe um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2023**
Ghlac boird bhainistíochta uile ár scoileanna ag a gcéad chruinniú an 1 Meán Fómhair 2023 go foirmiúil leis an nós imeachta leasaithe a tháinig i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2023.
Déantar an príomhleasú ar na nósanna imeachta maidir le míreanna 7 agus 9.5 - Tabharfaidh an Bord Bainistíochta faoina ról maoirseachta gan a bheith curtha ar an eolas ar aitheantas an bhaill de phearsanra na scoile a ndéantar líomhain ina (h) aghaidh, nó ar aitheantas an linbh. Caithfear an fhaisnéis seo a lua gan ainm anois sna doiciméid mar chuid den Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí.

**Ceardlann do Chomhaltaí Boird** Thit ceardlann ar líne do bhaill de Bhoird Bhainistíochta amach an 28 Márta ar *Cad atá i gceist le bheith i do scoil BOO?* agus díríodh sa seisiún ar fheasacht a mhúscailt ar ár n-éiteas agus ár gcroíluachanna.

**Cigireachtaí** - Thit roinnt cigireachtaí amach i rith na bliana, an méid seo a leanas ina measc:

**Cigireachtaí**

- Gairmscoil na Buiríse - Treoir Uile-Scoile – an 21 Feabhra 2023
- Coláiste Cois Siúire – Cigireacht ar Ábhar Ealaíne – an 15 Bealtaine 2023
- Coláiste Tyndall – Cigireacht ar Ábhar – Tíreolaíocht – an 16 Bealtaine 2023
- Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh – Cigireacht ar Ábhar – Tíreolaíocht – an 20 agus 21 Aibreán 2023
- Coláiste an Ghrianáin – Cigireacht ar Ábhar – Tíreolaíocht – an 24 agus 25 Aibreán 2023
- Coláiste Pobail Osraí – Cigireacht ar Ábhar – an Ghaeilge – an 27 Aibreán 2023
- Coláiste Eoin – Cigireacht ar Ábhar na hEolaíochta (an tSraith Shóisearach) – an 04 Bealtaine 2023
- Coláiste an Dubhuisce – Cigireacht ar Ábhar na hEacnamaíochta Baile – an 12 agus an 13 Meán Fómhair 2023
- Measúnú Cigireachta Leantach ar an soláthar do scoláirí ag a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais i gColáiste Aindriú – an 24 Deireadh Fómhair 2023.

***Cigireachtaí Teagmhasacha:***
***Cigireachtaí Eile:***

- Thit Cigireachtaí Teagmhasacha amach ag na scoileanna seo a leanas:
    - Coláiste Tyndall – díriú ar SEN
    - Coláiste an Ghrianáin – díriú ar EAL
    - Scoil Aireagail – díriú ar SEN
    - Coláiste Pobail na Mainistreach – díriú ar SEN
    - Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh – díriú ar EAL agus ar thacaíochtaí don Úcráin

***Tacaíochtaí Leanúnacha sa limistéar Sláinte agus Sábháilteachta***

*Thit na cláir Shláinte agus Sábháilteachta seo a leanas amach dár gCúntóirí Riachtanas Speisialta:*

- Ríomhfhoghlaim Tús Áite do Leanaí do gach CRS
- Oiliúint ar Dhiaibéiteas do gach CRS
- Garchabhair Oibre do CRSanna nua
- Oiliúint Faisnéise Feasachta ar Thitimeas do gach CRS

- Thit cuairteanna tacaíochta Sláinte agus Sábháilteachta ag ár Sainchomhairleoirí Sláinte agus Sábháilteachta, ASM, amach inár scoileanna go léir.

- **Foirne Ceannaireachta a Fheabhsú** – Lean ár gclár forbartha ceannaireachta atá dírithe ar chumas ceannaireachta na bhfoirne lárbhainistíochta a fhorbairt (foirne Príomhoide Chúnta 1) inár scoileanna in 2023. Bhí mar aidhm ag an gclár seo, a sholáthair an Dr Joe O'Connell, cumas lárcheannaireachta a fhorbairt chun obair chun tacú le agus obair go comhoibritheach le príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha ar riachtanas/ghníomh a sainaithníodh sa scoil/choláiste.
    - Tacaíochtaí agus Forbairt Múinteoirí – Ionduchtúcháin do mhúinteoirí nua, MS Teams agus Caidreamh Dearfach a Fhorbairt i bPobal na Scoile. Cuireadh modúl ríomhfhoghlama ar oiliúint ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)



ar siúl don fhoireann nua ar ardán ár n-innill príobháideachais.
- Ceannairí Scoile Uaillmhianacha – Chríochnaigh 24 múinteoir an Teastas i gCleachtas Aisiríoch i gcomhar le SETU Cheatharlach in 2023.
- D'fhreastail triúr múinteoirí ar Scoil Samhraidh Lárcheannairí BOOÉ, *Ag Tacú le Lárcheannairí: Ceannaireacht a Chothú do Dhomhan atá ag Athrú,* in Ollscoil Luimnigh an 22-24 Meitheamh 2023.

- Chun tacú leis na ceannairí scoile freagairt don iliomad dúshlán a chruthaigh an tírdhreach oideachais, d'eagraigh an Stiúrthóir Scoileanna 'na preabchruinnithe' fiorúla seo a leanas do gach Príomhoide:

  – Thit cruinniú faisnéise amach dár bpríomhoidí agus dár bpríomhoidí tánaisteacha maidir lenár dtreoirlínte airgeadais leasaithe de chuid BOOCCC an 12 Eanáir.

  – Thit cruinniú faisnéise amach dár bPríomhoidí agus dár bPríomhoidí Tánaisteacha maidir le nósanna imeachta Cosanta agus Cumhdaigh Leanaí an 15 Lúnasa.

  – Thit cruinniú faisnéise athnuachana amach ar GDPR/Chosaint Sonraí an 16 Lúnasa.

  – Thit cruinniú faisnéise amach do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha maidir le Saoire agus Ionadú do 2023/24 an 17 Lúnasa.

- **Timpeallachtaí Foghlama Ardchaighdeáin –** tacaíodh le tiomantas chun timpeallachtaí múinteoireachta agus foghlama ardchaighdeáin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  – Aonaid bhreise ASD a sholáthar i roinnt scoileanna. Mar shampla, osclaíodh an tríú rang speisialta do scoláirí ar a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais i nGairmscoil na Buiríse, fad a bhí aonad SNU á oscailt i gColáiste an Ghrianáin agus Coláiste an Dubhuisce a sholáthraíonn timpeallachtaí ardchaighdeáin múinteoireachta agus foghlama do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

  – Chuir BOOCCC a Cleachtas Pobail SENCO tionscnaimh (Riachtanais Speisialta Oideachais Comhordaitheoirí) in Ionad Oideachais Chill Chainnigh an 3 Bealtaine. Bhí Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais ó gach ceann de na 13 scoil ag freastal ar an lá, a raibh foirne bainistíochta sinsearaí a scoile ina measc. D'oscail Stiúrthóir Scoileanna BOOCCC, an Dr Pauline Egan an lá go hoifigiúil agus chuir siad fáilte roimh gach duine chuig an imeacht. B'aoi speisialta an Dr Johanna Fitzgerald, atá ina léachtóir sinsearach ag Coláiste Mhuire gan Smál, agus atá ina ceann ar a Roinn Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta. I gcomhoibriú le Linda McCormack ó Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh, arb í cóitseálaí ionchuimsithe BOOCCC, sholáthair an Dr Fitzgerald sraith ceardlann i gcaitheamh an lae. Pléadh ábhair cosúil le pleanáil tacaíochta scoláirí agus léarscáiliú soláthair scoile sna ceardlanna chun tacú le cleachtais mhúinteoireachta agus foghlama éifeachtaí laistigh den seomra ranga.

  – Thit ár gcéad Phobal Cleachtais don bhliain 2023/24 dár SENCOanna amach an 24 Deireadh Fómhair 2023. Bhí 19 nduine i láthair. Sholáthair Jean Reale, Ollamh Cúnta i gCleachtas Acadúil, Coláiste Mhuire gan Smál, ionchur ar *'Tús Eolais ar chleachtas Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) sa seomra ranga d'Iar-Bhunscoileanna'* agus d'éascaigh ár gCoiste Feidhmiúcháin SENCO ar *'An Ról is féidir le UDL a ghlacadh i bPleanáil Tacaíochta Scoláirí'*. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ar an lá sármhaith.

- Rannpháirtíocht i gClár Léarscáilithe Soláthair SEN BOOÉ/MIC. Ghlac trí scoil BOOCCC páirt i gclár píolótach BOOÉ/MIC ar Léarscáiliú Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) in 2022 agus bhí na naoi scoil seo a leanas bainteach in 2023:
  – Coláiste Mhuire, Baile Sheáin
  – Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach
  – Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh
  – Coláiste Eoin, Baile Haicéid
  – Gaelcholáiste Cheatharlach
  – Scoil Aireagail, Baile Héil
  – Coláiste Tyndall, Ceatharlach
  – Coláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaidh
  – Coláiste Aindriú, Muine Bheag

Tá mar aidhm ag Léarscáiliú Soláthair tacú le foghlaim gach scoláire, ach aithníonn sé an gá bunúsach atá le scoláirí a chothú agus tacú leo, ach go háirithe scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus atá faoi mhíchumas, laistigh den chomh-mheon seo. Dírítear sa tionscadal ar chumas ceannaireachta a fhorbairt ar leibhéal scoile, áitiúil agus náisiúnta i measc BOOanna chun tacú le cur chuige córais iomláin/uile-scoile i leith oideachas ionchuimsitheach agus speisialta.
Ceadaíonn Léarscáiliú SEN do scoileanna na soláthairtí agus an idirghabháil a liostú atá ar fáil do scoláirí i dtaobh na tacaíochta leanúnaí a sholáthraítear, idir soláthairtí do gach scoláire agus idirghabháil dóibh siúd a bhfuil riachtanais chasta acu.

- **Bonneagar digiteach feabhsaithe** inár scoileanna i ndiaidh uasghráduithe a dhéanamh ar nascacht leathanbhanda, bogearraí agus crua-earraí. Ceannaíodh gléasanna do scoláirí agus don fhoireann leis an gcistiú breise TFC ó Dheontais TFC na Roinne Oideachais, chun tacú le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. D'uasghrádaigh scoileanna a seomraí ríomhaireachta le seomra digiteach 21ú haoise agus chruthaigh scoileanna eile seomra dearaidh todhchaíoch, tacaíocht san áireamh do scoláirí i dteicneolaíocht, grafaic dheartha agus chumarsáide (DCG), innealtóireacht agus staidéir foirgníochta.

- **Uasghrádú ar Threalamh do Sheomraí Ranga Praiticiúla** – Thacaigh cistiú €1,366,911.49 na Roinne Oideachais i rith 2022 agus 2023 leis na scoileanna seo a leanas trealamh a cheannach agus uasghráduithe cuí a dhéanamh ar sheomraí ranga praiticiúla (Innealtóireacht, Tógáil, Eolaíocht, Ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile agus Corpoideachas): Scoil Aireagail, Gairmscoil na Buiríse, Coláiste an Ghrianáin, Coláiste Cois Siúire, Coláiste Mhuire agus Coláiste Aindriú.

- **Uasghráduithe leanúnacha ar fhoirgnimh scoile** - nGairmscoil na Buiríse, ina gcuimsítear trí sheomra ranga, rang oideachais speisialta agus Aonad Riachtanas Speisialta (SNU) Uathachais. Críochnaíodh SNU modúlach i gColáiste an Dubhuisce agus fuair Campas Scoileanna Chill Chainnigh (Coláiste Pobail Osraí agus Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh) cead pleanála dá dtionscadal caipitil.
  Cuireadh cóiríocht bhreise do Choláiste Mhuire, Baile Sheáin, Gaelcholáiste Cheatharlach agus cóiríocht bhreise mhodúlach do Scoil Aireagail, Baile Héil chun cinn leis an Roinn Oideachais. D'aontaigh an Roinn Oideachais le Bainisteoir Tionscadal a cheapadh, lena bhFoireann Dearaidh ghaolmhar, ar a bhfuil an dualgas réiteach/réitigh inmharthana a shainaithint lena gcur in ionad roinnt cóiríocht reatha agus cóiríocht níos mó a sholáthar trí úsáid a bhaint as Creat Cóiríochta Modúlaí na Roinne do Choláiste an Dubhuisce.

## Comhpháirtíochtaí leis an bpobal gcoitinne

Thugamar faoi deara in 2023 torthaí an chomhoibrithe idir scoileanna agus ár gcomhpháirtithe éagsúla oideachais. Tá tiomantas na gcomhpháirtithe uile do shármhaitheas a chur chun cinn le moladh agus léirítear é sa mhéid seo a leanas:

**Glór an Scoláire a Chur chun Cinn –** Thug Comhairlí na Scoláirí in go leor scoileanna tús áite do mheabhairshláinte agus folláine dhearfach agus cuireadh chun cinn iad iontu. Cuireadh seachtainí frithbhulaíochta ar siúl i scoileanna inar glacadh páirt i gcláir forbartha cumais, cosúil le Clár Athléimneachta Pieta House, Clár LIFT, agus an clár Cairde don Saol.

Téama eile a raibh an-tóir ag scoláirí air i scoileanna in 2023 a bhí i saoránacht dhomhanda a chur chun cinn



agus thug go leor scoileanna aghaidh ar an gclár glas. Mar shampla, bronnadh Gradam an Phas Speisialta ar Choláiste Tyndall ar shár-rannpháirtíocht in Oideachas Saoránachta Domhanda i ngeall ar a n-obair ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus bronnadh an Bhratach Ghlas ar Choláiste Mhuire agus cuireadh cró na gcearc isteach, ina bhfuil cearca. I measc na dtionscadal eile faoinar thug Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh agus Coláiste an Dubhuisce bhí iad siúd faoin téama Inbhuanú na Turasóireachta, ina ndearna scoláirí taighde ar na difríochtaí idir turasóireacht tuaithe agus uirbeach i gCathair Chill Chainnigh agus i nGráig na Manach.

Dícheall eile a bhí i dtiomsú airgid a raibh grúpaí scoláirí tiomanta dó in 2023. Bhí Cros Dhearg na hÉireann, Foras Sláinte Leanaí na hÉireann, Naomh Uinseann de Pól, Pieta House, Siondróm Down Éireannach, Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, Seirbhís don Ógra Réigiúnach Cheatharlach i measc roinnt bheag den charthanas fiúntach ar íoc scoláirí tabhartais leo.

*Guth na Scoláirí*

- **Lá Díospóireachta na Scoileanna**
  Thit Lá Díospóireachta na Scoileanna amach Déardaoin, an 16 Márta, a d'éascaigh na buaiteoirí reatha díospóireachta, Coláiste Pobail na Mainistreach. Ghlac scoláirí i measc ár scoileanna go léir páirt i gceardlanna a sholáthair cóitseálaithe taithíocha ar théamaí/ábhair ullmhaithe do dhíospóireacht agus scileanna taighde, struchtúr óráidí, agus scil an diúltaithe a fhorbairt.
- **Comhairlí na Scoláirí –** Thit oiliúint do Chomhairlí na Scoláirí a rinne glór na scoláirí agus ceannaireacht a chur chun cinn agus a thacaigh leo amach an 20 agus an 26 Deireadh Fómhair. D'fhreastail 135 scoláire agus a nascmhúinteoirí.

**Oibriú i gcomhar le Tuismitheoirí agus an Pobal –** Mar gheall ar naisc dhaingne ar leibhéal scoile le tuismitheoirí, baineadh rannpháirtíocht ghníomhach amach le Cumainn Tuismitheoirí agus rinneadh toghadh bliantúil ar oifigigh nua le Cumainn Tuismitheoirí. Cuireadh fáilte roimh an bhfilleadh ar chruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí i bpearsan agus aithníodh go bhfuil an nasc seo ríthábhachtach le caidreamh dearfach a fhorbairt leis an bpobal. Lean na meáin shóisialta de pháirt lárnach a bheith acu i gcumarsáid a dhéanamh le cách i bpobal na scoile i dtaobh tionscnaimh agus an tsárobair atá á déanamh i scoileanna a thaispeáint.

**Scoileanna mar Ionaid Sármhaitheasa** – Tá baint ag go leor dár scoileanna i dtionscadail chomhoibritheacha a léiríonn dea-chleachtas sa múinteoireacht agus san fhoghlaim leis na príomhpháirtithe leasmhara eile seo a leanas:

- **Ciste Sármhaitheasa na Scoileanna –** Chríochnaigh Coláiste Mhuire a céad bhliain de thionscnamh an-rathúil comhoibritheach le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is í aidhm an chláir cabhrú le tionscnamh nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na bacainní atá roimh mhatamaitic a mhúineadh ar leibhéal iar-bhunscoile. Ghlac Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh agus Coláiste an Dubhuisce páirt chomh maith i gCiste Sármhaitheasa Scoile ag obair le dhá bhunscoil fhriothálacha faoi théama na Turasóireachta Marthanaí.
- **Naisc leis an mBreisoideachas agus Ardoideachas –** Rinne Cláir na hIdirbhliana, Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) naisc níos láidre a chur chun cinn le coláistí breisoideachais agus ardoideachais agus chuir aoichainteoirí ó choláistí cruinnithe faisnéise i bpearsan ar siúl i scoileanna. Ghlac scoileanna páirt freisin i Seachtainí Feasachta ar an gColáiste agus i gcuairteanna ar Laethanta Oscailte Coláiste.
  **Fóram idir DEIS agus BOO** – lean an fóram seo, ina bhfuil ionadaithe ó scoileanna DEIS agus Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a bhfuil an sprioc chéanna acu tacú le haistriú agus dul chun cinn scoláirí iar-bhunscoile isteach i mbreisoideachas agus oiliúint, ag casadh ar a chéile. Rinne treoirchomhairleoirí ár scoileanna freastal ar Shárthaispeántas Roghanna Breisoideachais agus Oiliúna agus ghlac siad páirt ann tríd an gcomhoibriú seo. D'eagraigh Coláiste Tyndall a nAonach Gairmeacha féin le 35 taispeántóir, idir coláistí Breisoideachais agus Ardoideachais, le trádáil a dhéanamh ar phrintíseachtaí agus gairmeacha beatha san earnáil phoiblí agus phríobháideach, agus bhuaigh Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh agus Coláiste Aindriú Dámhachtain Ghradaim ó Chlár Rochtana Choláiste na Tríonóide i ngeall ar na deiseanna éagsúla tríú leibhéal a thabhairt chun solais atá ar fáil do scoláirí.

Bhí teagasc, foghlaim agus measúnú i gcónaí i gceartlár ár scoileanna agus tá sé i bhfíor-cheartlár an mhéid atá ionainn go fóill. Spreagann sé agus tiomáineann sé sinn chun an rath a bhaint amach, cuireann sé ar chumas againn cur go dearfach leis an domhan timpeall orainn agus ár lorg a fhágáil ar an tsochaí.

Tabhair cuairt, le do thoil, ar www.kcetb.ie chun teacht ar eolas breise ar ár n-iar-bhunscoileanna.



# An Stiúrthóireacht Bhreisoideachais agus Oiliúna

# An Stiúrthóireacht Bhreisoideachais agus Oiliúna

Cuireann BOOCCC réimse fairsing cláir éagsúla Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO) atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta ar fáil trína nIonaid BOO i gCill Chainnigh agus Ceatharlach. Cistítear fiche a dó clár aonair trí SOLAS, agus cistítear tionscnaimh agus seirbhísí eile tríd an DCEDIY agus an RO.

The FET Service offers full-time and part-time programmes accredited by QQI, City and Guilds, CIDESCO, ITEC and other awarding bodies. All courses and programmes are available for learners to browse at www.fetchcourses.ie. Bhuntacaigh *An Fhoghlaim a Chlaochlú (Transforming Learning),* an Straitéis BOO 2020-2024, le treo Sheirbhís Breisoideachais agus Oiliúna BOOCCC don bhliain 2023 agus ina dhiaidh. D'iontráil Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS, a d'eascair as an Straitéis BOO, a dara bliain in 2023 agus aontaíodh léi le SOLAS i rith 2022. Seo an dara haontú den saghas sin idir SOLAS agus BOOCCC agus déantar monatóireacht ann ar sholáthar BOO i measc roinnt téamaí:

- Ag Tacú le Poist
- Bealaí a Chruthú
- Ionchuimsiú a Chothú
- Ag Díriú ar Riachtanais Phríomhscileanna
- Uasoiliúint Trí Shaolréanna agus Gairmeacha Beatha

Baineann páirt lárnach le hionchuimsiú gníomhach agus le comhionannas deiseanna do gach foghlaimeoir i gcroíluachanna BOO ag BOOCCC, agus is amhlaidh a bhaineann páirt lárnach le bealaí inrochtana laistigh de BOO agus ó BOO a sholáthar freisin. Leanann an tSeirbhís BOO le tús áite a thabhairt do na daoine aonair siúd nach bhfuil páirt á glacadh acu san oideachas, an oiliúint agus sa mhargadh saothair agus oibríonn sí le páirtithe leasmhara áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta le freagairt don riachtanas seo ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

Tháinig méadú i rith 2023 ar an líon foghlaimeoirí a thosaigh clár BOO le BOOCCC, agus bhí 16,330 tairbhí ag freastal ar chúrsa/chlár BOO. Thosaigh 8756 scoláire le clár BOO i gCeatharlach agus thosaigh 7574 scoláire le clár BOO i gCill Chainnigh agus roghnaigh cohóirt mhóra foghlaimeoirí soláthar páirtaimseartha.

## Spriocanna Feidhmíochta Straitéisí:

Tomhaistear an Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS trí roinnt spriocanna. Léirítear na torthaí seo a leanas in anailís ar fheidhmíocht don bhliain 2023:

## Ag Tacú le Poist

**Scileanna chun Dul san Iomaíocht:** Baineadh an sprioc seo amach go substainteach – 109%, go mór mór mar gheall ar an méadú ar fhoghlaimeoirí a bhí ag filleadh ar chláir pháirtaimseartha.

## Bealaí a Chruthú

**Dul chun Cinn laistigh de BOO:** Sáraíodh an sprioc seo – 113%. Léirigh sé na bealaí atá ar fáil faoi láthair d'fhoghlaimeoirí i measc na leibhéal agus na gclár uile agus an obair faoi leith atá á déanamh chun tacú le haistrithe agus dul chun cinn laistigh den tSeirbhís BOO.

## Chothú

**Tras-Scileanna:** Sáraíodh an sprioc seo – 232%. Chuir foghlaimeoirí ESOL agus Litearthachta d'Aosaigh a bhí ag freastal ar chláir i roinnt ionad le baint na sprice seo.
**Rannpháirtíocht a Leathnú:** Sáraíodh an sprioc seo – 110%. Thug beagnach dhá thrian de rannpháirtithe faoi réimse cáilíochtaí cineálacha i measc cláir pháirtaimseartha. Chuir foghlaim an Bhéarla agus ghinearálta go mór leis an sprioc seo.
**Litearthacht d'Aosaigh don Saol:** Sáraíodh an sprioc seo – 154%. Chuir an bonn láidir litearthachta, tosú an Chomhordaitheora Litearthachta Réigiúnaigh in 2022, agus na hiarrachtaí leanúnacha feasacht a mhúscailt maidir le litearthacht go mór le baint na sprice seo.

## Uasoiliúint Trí Shaolréanna agus Gairmeacha Beatha

**Foghlaim ar feadh an tSaoil:** Sáraíodh an sprioc seo – 138%. Chuir an borradh a tháinig ar rannpháirtíocht i Litearthacht d'Aosaigh agus in Oideachas Pobail go mór le baint amach na sprice seo. Anuas air sin, chuir na seisiúin eolais agus blas-seisiúin a soláthraíodh tríd an tSeirbhís Treorach do Dhaoine Fásta deiseanna leantacha ar fáil lena chinntiú go raibh siad ar an mbóthar ceart trí BOOCCC.

**Scileanna chun Dul chun Cinn:** Ba í an sprioc seo 129% a baineadh amach go díreach trí bhealaí an chláir Scileanna chun Dul chun Cinn, agus trí rannpháirtíocht scaipthe foghlaimeoirí i soláthar eile. Cuireadh réimse éagsúil cáilíochtaí neamh-NFQ ar tairiscint chun freastal ar riachtanais an tionscail. Chuir cúrsaí gnó agus riaracháin, anuas ar chatagóirí Seirbhísí agus Oideachais go mór le feidhmíocht sa sprioc seo agus chuir BOOCCC ar fáil go díreach iad.

### Ag Díriú ar Riachtanais Phríomhscileanna

**Riachtanais Phríomhscileanna:** Ba í an sprioc seo 77%, a baineadh amach le cláir Shláinte agus Leasa, agus chuir soláthar sna catagóirí Seirbhísí agus Oideachais go mór leis freisin. D'fhreastail an chomhréir níos mó rannpháirtithe ar chúrsaí a sholáthair BOOCCC go díreach. Ba mhó an rannpháirtíocht i gcúrsaí páirtaimseartha ná an rannpháirtíocht i soláthar lánaimseartha.

**Scileanna Glasa do Chách:** Sháraigh BOOCCC sprioc 2023 trí mhodúil scileanna glasa a chur san áireamh ar chláir reatha le feasacht a mhúscailt i measc foghlaimeoirí. De bhreis air sin, tugadh an modúl Ríomhcholáiste Fuinneamh agus Tú Féin: Laghdaigh d'Úsáid (Energy and You: Reduce Your Use) isteach i measc na foirne go léir.

# Buaicphointí BOO 2023

### Litearthacht d'Aosaigh don Saol

Chomhoibrigh BOOCCC le Cartoon Saloon sa tionscnamh foghlama teaghlaigh ***Leabhar Amháin, Scannán Amháin do Chách (One Book One Film For All).*** Chomhoibrigh an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh leis na stiúideonna beochana a ainmníodh do Oscar, Cartoon Saloon, maidir le tionscadal foghlama teaghlaigh idirghlúine spreagúil ar ar tugadh ***Leabhar Amháin, Scannán Amháin do Chách.***

Ba í aidhm an tionscnaimh, a cheap Seirbhís Foghlama Aosach BOOCCC, an leabhar a bhuaigh gradam de chuid Cartoon Saloon agus an scannán Wolf Walkers a úsáid mar dheis chun léamh, an scannán a fheiceáil agus a phlé mar thionscnamh foghlama teaghlaigh agus le taitneamh a bhaint as clár gníomhaíochtaí tacaíochta i scoileanna, ionaid foghlama teaghlaigh, ionaid acmhainní teaghlaigh agus leabharlanna ar fud Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

Cuireadh an méid seo a leanas ar siúl sa chlár éagsúil imeachtaí do Leabhar Amháin, Scannán Amháin do Chách: Wolf Walkers a thaispeáint saor in aisce ag dhá imeacht ar leith in ionad Visual i gCeatharlach agus in Amharclann an Watergate i gCill Chainnigh.

- seachtain tóraíochta taisce i suíomhanna coillearnaí;
- tráth na gceist beo ar KCLR ar tugadh WOW-Wolf Walkers ar an raidió gan sreang
- gníomhaíochtaí scríbhneoireachta teaghlaigh do dhaoine fásta agus leanaí dar teideal Walkwalkers Scéal Eile ag Ionad Delta, Ceatharlach agus ag Teach Rothe, Cill Chainnigh
- imeachtaí ar líne le Matchbox Mountain, a chuir an beochantóir Eimhín McNamara agus Pádraig Fagan ar siúl, a thaispeáin conas a cuireadh Wolf Walkers ar an scáileán.

Sholáthair BOOCCC sraith fhorleathan clár freisin **d'fhoghlaimeoirí na hÚcráine** a chónaíonn i gCeatharlach agus Cill Chainnigh i rith 2023. Tháinig méadú ar an soláthar de réir mar a tháinig go leor náisiúnaigh Úcránacha ag cónaí in Éirinn agus gur thapaigh siad deiseanna Béarla. Chuaigh 2320 foghlaimeoir i mbun ESOL i rith 2023.


### Coláiste of BOO, Cill Chainnigh:

Ceadaíodh foireann bainistíochta nua don Choláiste BOO, Cill Chainnigh i rith 2023. Tháinig méadú ar rolluithe don Choláiste BOO (tugadh Coláiste Urumhan air roimhe seo) i rith 2023 agus oibrítear clár il-láithreach anois ann a chuireann cúrsaí ar fáil ag:


- Bóthar Urumhan
- Bóthar an Phríosúin
- Ionad Gnó Theach Ósta an tSráidbhaile
- Dainbhil
- Baile Mhic Andáin – Muileann agus Ionad Eachaíochta an Ghrianáin

**Printíseachtaí**– lean méadú ag teacht ar an líon printíseachtaí i rith 2023. Cláraíodh na printíseachtaí seo a leanas in 2023 trí BOOCCC i limistéir cheardaíochta:

**Printíseachtaí Ceardaíochta**




**Printíseachtaí 2016+**



D'eagraigh **an Líonra idir DEIS agus BOO** imeacht eolais do Threoirchomhairleoirí agus do Phríomhoidí Scoile. Díríodh sa tsraith seo cur i láthair ar phrintíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus cláir PLC dóibh siúd a bhí ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht i rith 2023.

**Erasmus:** Bhain printísigh Commis Chef tairbhe as taithí ERASMUS+ in Lyon i rith 2023. Roghnaíodh Lyon mar an ceann scríbe mar gheall gur ceann de na hionaid is fearr ghastranamaíochta é. Rinneadh staidéar ar ghnéithe de chócaireacht Lyon, a d'imir tionchar ar an stíl chlasaiceach Fhrancach chócaireachta, mar chuid den chlár commis chef. Bhain gach printíseach socrúchán oibre amach i mbialanna Brasserie Bocuse timpeall ar Lyon.


Thit taithí bhreise ERASMUS amach trí Choláiste Urumhan agus Institiúid Bhreisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach inar tugadh an fhoireann agus foghlaimeoirí go dtí an Iodáil agus an Fhionlainn.

## Dámhachtainí:

**Gradaim QQI:** Tháinig méadú ar an méid dámhachtainí in 2023, bliain inar bronnadh an méid is mó dámhachtainí ar fhoghlaimeoirí ó 2020. Bhronn QQI 3789 dámhachtain, ar an iomlán.

- 3,118 Miondámhachtain
- 576 Mórdhámhachtain
- 45 Dámhachtain Sainchuspóra

**Aicme Bhronnta**




**Dámhachtainí Neamh-QQI:**
Tháinig méadú ar éagsúlacht na ndámhachtainí a bhronn comhlachtaí bronnta (neamh-QQI) eile i rith 2023. Soláthraíodh beagnach 700 dámhachtain mar mhalairt ar QQI agus/nó mar dhámhachtain thánaisteach leis an bpríomhdhámhachtain a rinneadh a thairiscint.

| | |
|---|---|
| City & Guilds | 230 |
| RSA (an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre) | 177 |
| Comhlacht Deimhnithe Faofa EN | 99 |
| PHECC | 52 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 24 |
| VTCT - Iontaobhas Carthanais Gairmoideachais | 12 |
| ITEC | 14 |
| CUMANN ÁRACHAIS SAOIL NA HÉIREANN | 14 |
| SCILEANNA ICS | 9 |
| CIDESCO | 8 |
| ATI | 6 |
| CompTIA | 2 |
| IASSC | 4 |
| Cumann Capall na Breataine | 2 |
| Eile (Ardáin Shoghluaiste Ardaithe Oibre) | 42 |

## PD agus TEL

Thit gníomhaíochtaí PD agus TEL amach go minic i rith 2023 agus thit breis agus 130 imeacht TEL amach le linn na bliana. Cuireadh roinnt imeachtaí CPD ar siúl don fhoireann BOO agus cuideoidh Comhordaitheoir nua PD agus TEL a cheapadh le forbairtí sna limistéir seo amach anseo.

## Oibreacha Caipitiúla

Tugadh faoi roinnt Tionscadail Chaipitil le tacaíocht SOLAS.

- Tá an dearadh ar bun le haghaidh áiseanna nua ag Ionad Eachaíochta an Ghrianáin.
- Tosaíodh obair thógála ar shíneadh le hAonaid Leictreachais Chéim 2 ag Inse an Phuirséalaigh.
- Cuireadh tús le hobair ar roinnt tascanna caomhantais ag an gColáiste BOO, Cill Chainnigh, uasghráduithe san áireamh ar an díon, ráillí agus foirgnimh sheachtracha.
- Dréachtaíodh Cás Gnó chun tacú le Coláiste BOO nua a tógadh le sainchuspóir i gCill Chainnigh lena seoladh ar aghaidh go luath in 2024 agus ullmhaíodh Tuarascáil Roghnúcháin Suímh.

## Léargas Ginearálta ar Chláir BOO

| | |
|---|---|
| Leibhéil 1 & 2 | • Litearthacht Aosach |
| Neamhchreidiúnaithe | • Oideachas Pobail<br>• Litearthacht Aosach<br>• Uaireanta Comhoibrithe FET |
| Leibhéil 3 & 4 | • Ógtheagmháil<br>• Oideachas Pobail<br>• Litearthacht Aosach<br>• Droichead agus Fondúireacht<br>• VTOS<br>• Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla<br>• Ionaid Oiliúna Pobail<br>• BTEI |
| Leibhéil 5 & 6 | • PLC<br>• Printíseachtaí<br>• BTE<br>• VTOS<br>• oiliúint i Scileanna Sonracha<br>• chun Cinn |
| Tacaíochtaí | • Treoir agus Eolas do Dhaoine Fásta<br>• Dearbhú cáilíochta<br>• Foghlaim Feabhsaithe Teicneolaíochta<br>• Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |





# An Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

# An Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

Is é an ról atá ag Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD) ná feidhmeanna eagraíochta agus straitéiseacha BOOCCC a bhainistiú agus a sholáthar agus buntacaíonn a obair le hoideachas agus oiliúint a sholáthar ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad.

Is éard atá i Stiúrthóireacht an OSD na rannóga Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais, Acmhainní Daonna agus TFC. Tacaíonn an fhoireann Tacaíochta Eagraíochta agus Forbartha (OSD) leis an bPríomhfheidhmeannach chun seirbhísí rialachais chorparáidigh a sholáthar agus áirítear leis seirbhísí a bhainistiú sna limistéir a thugtar le fios thíos.




Chabhraigh OSD le BOOCCC a spriocanna agus a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus lena chinntiú go mbaineann gach seirbhís na caighdeáin cháilíochta is airde amach.

Tá an Stiúrthóir TFE, mar Phríomhoifigeach Riosca agus i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, freagrach as comhordú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca, ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar rialú inmheánach ar fud na heagraíochta.



Áirítear le hobair na Stiúrthóireachta OSD in 2023 an méid seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Airgeadas** | • Córais airgeadais SUN agus DCS P2P a chur i bhfeidhm, acmhainn níos fearr a sholáthar le haghaidh bainistíocht agus comhlíonadh airgeadais ar fud BOOCCC<br><br>• Obair leanúnach sna limistéir seo a leanas:<br>– *Seirbhísí cisteáin*<br>– *Dáiltí buiséadaithe agus airgeadais do scoileanna agus ionaid ar fud BOOCCC*<br>– *Cuntais Iníoctha*<br>– *Íocaíochtaí foghlaimeora agus printíseachta*<br>– *Íocaíochtaí taistil agus cothaithe*<br>– *Tuairisceáin airgeadais roinne agus SOLAS*<br>– *Tuairisceáin airgeadais roinne eile* |
| **Córais Tacaíochta do Scoileanna agus Ionaid** | • Tacaíocht ceannoifige do scoileanna agus ionaid sna limistéir acmhainní daonna, airgeadais, TFC agus sheirbhísí corparáideacha |
| **TFC** | • Córais, trealamh agus oiliúint TFC a sholáthar le seirbhísí fíorúla a éascú.<br>• Forbraíodh bonneagar le hacmhainn uasghrádaithe TFC a sholáthar do sheirbhísí fíorúla agus d'oibriú amach ón láthair<br>• Oiliúint foirne<br>• Córas nua gutháin a thabhairt isteach<br>• Rinneadh an Soláthar TF Coiteann a chuíchóiriú trí Chatalóga Ceannaigh a chruthú<br>• Forbraíodh conradh lárnach tacaíochta TF don BOO<br>• Tugadh néalseirbhís bainistithe clódóireachta isteach ar fud BOOCCC<br>• Cuireadh Beartais TFC nua i bhfeidhm<br>• Soláthraíodh oiliúint Cibearshlándála don fhoireann go léir<br>• Tugadh faoi thástálacha Leochaileachta Fioscaireachta laistigh den eagraíocht |
| **Rialachas Corparáideach** | Rinne an fhoireann OSD maoirseacht ar an méid seo a leanas in 2023:<br>• Rialachas agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh<br>• Bainistíocht Riosca<br>• Cláir Rioscaí – Corparáideach, OSD, BOO agus Scoileanna<br>• Cláir Iniúchta<br>• Dearbhuithe Bainistíochta<br>• Tuarascáil Chomhlíonta<br>• Cruinnithe faisnéise rialachais agus bainistíochta riosca don fhoireann<br>• An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca<br>• An Coiste Airgeadais<br>• Creat Bainistíochta Beartais<br>• Rannpháirtíocht agus éascaíocht an iniúchóra sheachtraigh agus inmheánaigh<br>• Athbhreithniú ar mheicníochtaí rialaithe inmheánaigh<br>• Athbhreithniú boird agus coiste<br>• Pleanáil Leanúnachais Gnó<br>• Baineadh an córam amach ag gach cruinniú Boird, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais |

| | |
|---|---|
| **Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise** | • Thug BOOCCC faoi 8 n-iarraidh SF in 2023 agus lean siad le bainistíocht sonraí dea-chleachtais a dhéanamh ar fud na heagraíochta |
| **Caipiteal agus Seirbhísí Foirgníochta** | • Chuir BOOCCC tuarascáil roghnúcháin suímh i gcrích do Choláiste BOO Chill Chainnigh<br>• Soláthraíodh Aonad SEN nua ag Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach<br>• Ceapadh ceannaire nua pleanála le Campas Scoileanna Chill Chainnigh a fhorbairt. Soláthróidh an tionscadal seo dhá iar-bhunscoil ar shuíomh láithreáin úrnua mar chuid de Ghleann Bregagh a fhorbairt.<br>• Tógadh Aonad SEN nua agus críochnaíodh seomraí ranga go substainteach ag Scoil Aireagail, Baile Héil.<br>• Tosaíodh le tionscadail mhóra chóiríochta breise agus athsholáthair cóiríochta ag Gairmscoil na Buiríse, Gaelcholáiste Cheatharlach, Coláiste an Ghrianáin agus Coláiste Mhuire, Baile Sheáin.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chothabháil agus bainistíocht leanúnach ar réadmhaoin faoi úinéireacht ag BOOCCC agus ar léas acu lena chinntiú gur baineadh úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as cistí poiblí<br>• Tá cás gnó d'áis nua cheanncheathrún i gCeatharlach á phlé leis an Roinn Oideachais<br>• Tá athbhreithniú á dhéanamh ar thuarascálacha ar bhail fhoirgnimh SOLAS agus ar phlean athchóirithe d'áiseanna BOO<br>• Críochnaíodh clár Iniúchtaí Fuinnimh i leith chaighdeáin SI426<br>• Críochnaíodh clár Tuarascálacha ar Bhail Foirgnimh<br>• Fostaíodh Comhairleoirí Maoirseachta Riosca<br>• Clár Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta críochnaithe |
| **Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht** | • Sheol BOOCCC a chéad Chreat um Ghníomhú ar son na hAeráide chuig an SEAI i Meán Fómhair 2023. |
| **Forbairt Beartais** | • *Beartais nua agus fheabhsaithe tugtha isteach in 2023:*<br>– Cosaint Sonraí<br>– Beartas Soláthair<br>– Beartas Tiomána Sábháilte<br>– Beartas Taistil Foirne<br>– Beartas CCTV<br>– Beartas Balla Dóiteáin TFC<br>– Beartas Fianán TFC<br>– Coimhlint Leasa<br>– Beartas Feasachta agus Oiliúna Fioscaireachta<br>– Creat Beartais TFC<br>– Beartas Cúltaca agus Aischuir TFC<br>– Beartas Sonraí Pearsanta an Sceidil Coinneála<br>– Beartas Srianta Rochtana TFC |

| | |
|---|---|
| **Cumarsáid** | • Coimeádadh suíomh gréasáin dátheangach agus go hiomlán inrochtana don eagraíocht ar a bhfuil mír cothrom le dáta nuachta<br>• Coimeádadh feidhm éifeachtach phreasoifige in BOOCCC<br>• Tugadh caidreamh leis na meáin réamhghníomhach agus leanúnach isteach maidir le nuacht agus imeachtaí BOOCCC<br>• Coimeádadh cainéil mheán sóisialta BOOCCC agus ardáin eagraíochta FB agus LinkedIn<br>• Tugadh comharthaíocht nua sheachtrach isteach ag gach scoil agus ionad a chomhlíonann na hoibleagáidí Gaeilge<br>• Féilire leanúnach imeachtaí, an méid seo a leanas ina measc; Gradaim Scoláire na Bliana; bronnadh teastais scoile; imeachtaí d'fhoghlaimeoirí; ceiliúradh ar scor; taispeántais, Imeachtaí na Seachtaine Náisiúnta BOO. |
| **Acmhainní Daonna** | • Tacú le foireann BOOCCC le seimineáir ar líne folláine ag an obair a chur ar siúl in 2023<br>• Oiliúint bainistíochta agus ceannaireachta don fhoireann<br>• Rinne an Grúpa Oibre Comhionannais agus Ceart Daonna Earnála Poiblí an Ráiteas, an Measúnú agus an Plean um Chur i bhFeidhm Luachanna Comhionannais agus Ceart Daonna a chur chun cinn.<br>• Cláir leanúnacha folláine foirne<br>• Obair leanúnach sna limistéir seo a leanas:<br>  – *an fhoireann go léir a earcú, a roghnú agus a cheapadh*<br>  – *Clár CPD agus ionduchtúcháin*<br>  – *Conarthaí fostaíochta*<br>  – *Leithdháiltí agus úsáid foirne*<br>  – *Bainistíocht saoire*<br>  – *Beartais agus nósanna imeachta pearsanra*<br>  – *Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána*<br>  – *Pinsin*<br>  – *Párolla Acmhainní Daonna*<br>  – *Comhlíonadh leanúnach acmhainní daonna na reachtaíochta agus an dea-chleachtais ábhartha* |
| **Soláthar** | • Plean Corparáideach Soláthair leasaithe BOOCCC a thabhairt isteach. |
| **Comhoibriú leis an RO, BOOÉ agus BOOanna eile** | • Eolas, beartais agus nósanna imeachta a roinnt go leanúnach le dea-chleachtas ar fud na hearnála a éascú |


kcetb
kcetb
CONGRATULATIONS
Winner
B4OC




Shoot for the moon... Even if you miss...







Excellence


kcetb
Bord Oideachais agus Oiliúna
Chill Chainnigh agus Cheatharlach
Kilkenny and Carlow




WolfWalkers
One Book One Film for All
in collaboration with Cartoon Saloon
kcetb
Cartoon Saloon





Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

EUROPEAN UNION
Investing in Your Future
European Social Fund

SOLAS
An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
Further Education and Training Authority